

*Déardaoin, 7 Iúil, 2011*  
*Thursday, 7th July, 2011*

10.30 a.m.

---

RIAR NA hOIBRE  
*Order Paper*

---

GNÓ POIBLÍ  
*Public Business*

---

*Tairiscintí:*  
*Motions:*

1. “D’ainneoin aon ní sna Buan-Orduithe i dtaobh Gnó Phoiblí, go dtiocfaidh an Seanad le chéile ar 10.30 a.m. Dé hAoine, an 8 Iúil, 2011 agus, mura n-ordófar a mhalairt ar thairiscint ó Threoraí an Tí nó ó cibé Seanadóir a údaróidh sé chuige sin:

That, notwithstanding anything in the Standing Orders relative to Public Business, on Friday, 8th July, 2011 the Seanad shall meet at 10.30 a.m. and, unless it shall be otherwise ordered, on motion made by the Leader of the House or such other Senator as he may authorise in that behalf:

(a) go mbeidh an gnó a thógfear teoranta do Bhille na Lia-Chleachtóirí (Leasú), 2011, agus don tairiscint go gcomhthoilítear leis an mBille a shíniú níos luaithe ag an Uachtarán agus, faoi réir Chéim an Choiste den Bhille Cosanta (Leasú), 2011 a chríochnú inniu, do Chéim na Tuarscála agus don Chéim Dheiridh den Bhille sin;

(a) the business to be taken shall be confined to the Medical Practitioners (Amendment) Bill 2011, the motion of concurrence with the earlier signature of that Bill by the President and, subject to the completion of Committee stage of the Defence (Amendment) Bill 2011 today, Report and Final Stages of that Bill;

(b) (i) go dtabharfar na himeachtaí ar na Lia-Chleachtóirí (Leasú), 2011, agus ar an tairiscint go gcomhthoilítear leis an mBille a shíniú níos luaithe ag an Uachtarán, agus ar an mBille Cosanta (Leasú), 2011 chun críche, mura mbeidh siad curtha i gcrích roimhe sin, ag na hamanna a thaispeántar sa sceideal a ghabhann leis an mír seo, i ngach cás, le Ceist amháin a chuirfear ón gCathaoir, agus nach bhfolóidh, i ndáil le leasuithe, ach leasuithe a bheidh curtha síos ag an Rialtas; ar choinníoll, má éilítear vótáil nó má bhíonn

(b) (i) the proceedings of the Medical Practitioners (Amendment) Bill, 2011, the motion of concurrence with the earlier signature of that Bill by the President and the Defence (Amendment) Bill 2011, if not previously concluded, shall be brought to a conclusion at the times indicated in the schedule to this paragraph, by one Question in each case, which shall be put from the Chair, and which shall, in relation to amendments, include only amendments set down by the Government; provided that if a division or claim therefor is in

éileamh ar vótáil ar siúl ag an am a thaispeántar, go gcuirfear an Cheist a luaithe is féidir ina dhiaidh sin.

progress at the time indicated, the Question shall be put as soon as possible thereafter.

(ii) Ní rachaidh óráidí na n-urlabhraithe grúpa thar 10 nóiméad ar an díospóireacht Dara Céim de Bhille na Lia-Chleachtóirí (Leasú), 2011, agus ní rachaidh na hóráidí ó na Seanadóirí eile go léir thar 6 nóiméad.

(ii) The contribution of group spokespersons on the Second Stage debate of the Medical Practitioners (Amendment) Bill 2011 shall not exceed 10 minutes and the contribution of all other Senators shall not exceed 6 minutes.

#### An Sceideal

#### Schedule

| Imeachtaí:   | Le cur i gcrích faoi: | Proceedings:   | To conclude by: |
|--|-----------------------|--|-----------------|
| Bille na Lia-Chleachtóirí (Leasú), 2011 (An Dara Céim):  | 1.00 p.m.             | Medical Practitioners (Amendment) Bill 2011 (Second Stage):                                  | 1.00 p.m.       |
| Bille na Lia-Chleachtóirí (Leasú), 2011 (Na Céimeanna atá Fágtha) agus an Tairiscint maidir le Síniú Níos Luaithe: | 3.30 p.m.             | Medical Practitioners (Amendment) Bill 2011 (Remaining Stages) and Earlier Signature Motion: | 3.30 p.m.       |
| An Bille Cosanta (Leasú), 2011 (Céim na Tuarascála agus na Céimeanna Deiridh):                                     | 5.00 p.m.             | Defence (Amendment) Bill 2011 (Report and Final Stages):                                     | 5.00 p.m.       |
| (c) go gcuirfear an suí ar fionraí ó 1.00 p.m. go dtí 1.30 p.m.; agus  |                       | (c) the sitting shall be suspended from 1.00 p.m. to 1.30 p.m.; and                          |                 |
| (d) go gcuirfear Buan-Ordú 29 agus Buan-Ordú 30 ar fionraí.  |                       | (d) Standing Orders 29 and 30 shall stand suspended.”.                                       |                 |

—*Senator Maurice Cummins.*

2. “Go gceadaíonn Seanad Éireann an tOrdú seo a leanas ina dhréacht:

That Seanad Éireann approves the following Order in draft:

An tOrdú um na hAchtanna Cuanta, 1996 go 2009 (Feidhmeanna Chuideachta Phort Dhún Dealgan a Aistriú), 2011

Harbours Acts 1996 to 2009 (Transfer of Functions of Dundalk Port Company) Order 2011

ar leagadh cóipeanna de ina dhréacht faoi bhráid Sheanad Éireann an 1 Meitheamh, 2011.

copies of which have been laid in draft form before Seanad Éireann on 1st June, 2011.”.

—*Senator Maurice Cummins.*

3. “Go ndéanfar an togra go gceadaíonn Seanad Éireann an Stát d’fheidhmiú an roghnaithe nó na rogha faoi Phrótaicál Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta

That the proposal that Seanad Éireann approves the exercise by the State of the option or discretion under Protocol No. 21 on the position of the United Kingdom and

Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, a bheith páirteach i nglacadh agus i bhfeidhmiú an bhirt bheartaithe seo a leanas:

Ireland in respect of the area of freedom, security and justice annexed to the Treaty on European Union and to the Treaty on the Functioning of the European Union, to take part in the adoption and application of the following proposed measure:

togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do bhearta cosanta in ábhair shibhialta,

a proposal for a Regulation of the European Parliament and of the Council on mutual recognition of protection measures in civil matters,

ar leagadh cóip de faoi bhráid Sheanad Éireann an 13 Meitheamh, 2011, a tharchur chuig an gComhchoiste um Dhlí agus Ceart, Cosaint agus Comhionannas, de réir Bhuan-Ordú 70A (3), agus go ndéanfaidh an Coiste sin, tráth nach déanaí ná an 21 Iúil, 2011, teachtaireacht a chur chuig an Seanad ar an modh a fhorordaítear i mBuan-Ordú 73, agus go mbeidh feidhm dá réir sin ag Buan-Ordú 75(2).

a copy of which was laid before Seanad Éireann on 13th June, 2011, be referred to the Joint Committee on Justice, Defence and Equality, in accordance with Standing Order 70A(3), which, not later than 21st July, 2011, shall send a message to the Seanad in the manner prescribed in Standing Order 73, and Standing Order 75(2) shall accordingly apply.”.

—*Senator Maurice Cummins.*

*Tíolactha:*

*Presented:*

4. An Bille Sláinte Poiblí (Tobac) (Leasú), 2011 — Ordú don Dara Céim.  
Public Health (Tobacco) (Amendment) Bill 2011 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do leasú an Achta Sláinte Poiblí (Tobac), 2002.

Bill entitled an Act to amend the Public Health (Tobacco) Act 2002.

5. (l) An Bille Cosanta (Leasú), 2011 — An Coiste.  
(a) Defence (Amendment) Bill 2011 — Committee.

6. (l) An Bille um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011 — An Tuarascáil.  
(a) Civil Law (Miscellaneous Provisions) Bill 2011 — Report Stage.

*Bille (atógáil) (0.02 n. fágtha):*

*Bill (resumed) (0.02 m. remaining):*

7. An Bille um Chlárú Uachtanna, 2011 — An Dara Céim (atógáil).  
Registration of Wills Bill 2011 — Second Stage (resumed).

—*Senator Terry Leyden.*

*Tíolactha:*  
*Presented:*

- 8.** An Bille um Dhlínse Cúirteanna agus Forghníomhú Breithiúnas (Leasú), 2011 — Ordú don Dara Céim.  
Jurisdiction of Courts and Enforcement of Judgments (Amendment) Bill 2011 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do thabhairt éifeacht don Choinbhinsiún maidir le dlínse agus maidir le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála arna shíniú in Lugano an 30ú lá de Dheireadh Fómhair, 2007 agus arna chríochnú thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh de bhun Chinneadh 2009/430/CE1 ón gComhairle, agus chun na críche sin do leasú an Achta um Dhlínse Cúirteanna agus Forghníomhú Breithiúnas, 1998 agus an Achta Cothabhála, 1994 agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

Bill entitled an Act to give effect to the Convention on jurisdiction and the recognition and enforcement of judgments in civil and commercial matters signed at Lugano on the 30th day of October 2007 and concluded on behalf of the European Community pursuant to Council Decision 2009/430/EC1, and for that purpose to amend the Jurisdiction of Courts and Enforcement of Judgments Act 1998 and the Maintenance Act 1994 and to provide for related matters.

- 9.** An Bille um Príobháideacht, 2006 — Ordú don Dara Céim.  
Privacy Bill 2006 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do dhéanamh socrú maidir le Tort arb éard é Príobháideacht a Shárú; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe a bhaineann leis an méid sin.

Bill entitled an Act to provide for a Tort of Violation of Privacy; and to provide for matters connected therewith.

- 10.** An Bille um Rabhadh Radaíochta le haghaidh Guthán Póca, 2011 — Ordú don Dara Céim.  
Mobile Phone Radiation Warning Bill 2011 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do dhéanamh socrú go ndéanfar lipéad rabhaidh a dhaingniú de chásáil sheachtrach guthán póca agus ar phacáistiú gaolmhar, ina ndéanfar go soiléir go n-astaíonn gutháin phóca radaíocht leictreamaighnéadach.

Bill entitled an Act to provide that a warning label shall be affixed to the exterior casing of mobile phones and on related packaging, which shall state clearly that mobile phones emit electromagnetic radiation.

—*Senator Mark Daly.*

- 11.** An Bille Staidrimh (Leasú i leith Oidhreachta), 2011 — Ordú don Dara Céim.  
Statistics (Heritage Amendment) Bill 2011 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do leasú an Achta Staidrimh, 1993, i ndáil leis an gcéad daonáireamh ar Éirinn a rinneadh ó bunaíodh an Stát; do thabhairt stádas oidhreachta speisialta don daonáireamh sin agus do chur faoi deara é a chur ar fáil don phobal le haghaidh taighde ginealais, staire agus taighde eile.

Bill entitled an Act to amend the Statistics Act 1993, in relation to the first census of population of Ireland taken since the establishment of the State; to afford that census a special heritage status and to have such released to the public for genealogical, historical and other research.

—*Senator Labhrás Ó Murchú.*

**12. An Bille um Thrédhearcacht GNBS, 2011 — Ordú don Dara Céim.  
NAMA Transparency Bill 2011 — Order for Second Stage.**

Bille dá ngairtear Acht do leasú an Achta fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS), 2009 agus do dhéanamh socrú, ar mhaithe le trédhearcacht, chun go mbeidh na mionsonraí iomchuí uile maidir le maoinne a thairgtear lena ndíol ag GNBS nó le ceadú GNBS ar fáil don phobal trína bhfoilsíú ar shuíomh gréasáin.

Bill entitled an Act to amend the National Asset Management Agency (NAMA) Act 2009 and to provide that, in the interests of transparency, all relevant details of properties offered for sale by or with the approval of NAMA be available to the public by means of publication on a website.

—*Senators Mark Daly, Darragh O'Brien, Diarmuid Wilson.*

**13. An Bille Ombudsman (Leasú), 2008 [Dáil] — An Dara Céim.  
Ombudsman (Amendment) Bill 2008 [Dáil] — Second Stage.**

**14. An Bille Cróinéirí, 2007 — An Coiste.  
Coroners Bill 2007 — Committee.**

*Tairiscintí;*

*Motions:*

**15.** “Go gceadaíonn Seanad Éireann an Stát d’fheidhmiú an roghnaithe nó na rogha faoi Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, a bheith páirteach i nglacadh agus i bhfeidhmiú an bhirt bheartaithe seo a leanas:

That Seanad Éireann approves the exercise by the State of the option or discretion under Protocol No. 21 on the position of the United Kingdom and Ireland in respect of the area of freedom, security and justice annexed to the Treaty on European Union and to the Treaty on the Functioning of the European Union, to take part in the adoption and application of the following proposed measure:

Togra le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear caighdeáin íosta maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint le haghaidh íospartaigh na coireachta,

Proposal for a Directive of the European Parliament and of the Council establishing minimum standards on the rights, support and protection of victims of crime,

ar leagadh cóip de faoi bhráid Sheanad Éireann an 13 Meitheamh, 2011.

a copy of which was laid before Seanad Éireann on 13th June, 2011.”

—*Senator Maurice Cummins.*

**16.** “Go gceadaíonn Seanad Éireann na Rialacháin seo a leanas ina ndrúacht:

That Seanad Éireann approves the following Regulations in draft:

Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Uimh. 2), 2011,

The Planning and Development (Amendment) (No. 2) Regulations 2011,

ar leagadh cóipeanna díobh ina ndrúacht faoi bhráid Sheanad Éireann an 23 Meitheamh, 2011.

copies of which have been laid in draft form before Seanad Éireann on 23rd June, 2011.”

—*Senator Maurice Cummins.*

17. “Go gceadaíonn Seanad Éireann an Stát d’fheidhmiú an roghnaithe nó na rogha faoi Phrótagal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, a bheith páirteach i nglacadh agus i bhfeidhmiú an bhirt bheartaithe seo a leanas:

That Seanad Éireann approves the exercise by the State of the option or discretion under Protocol No. 21 on the position of the United Kingdom and Ireland in respect of the area of freedom, security and justice annexed to the Treaty on European Union and to the Treaty on the Functioning of the European Union, to take part in the adoption and application of the following proposed measure:

togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do bhearta cosanta in ábhair shibhialta,

a proposal for a Regulation of the European Parliament and of the Council on mutual recognition of protection measures in civil matters,

ar leagadh cóip de faoi bhráid Sheanad Éireann an 13 Meitheamh, 2011.

a copy of which was laid before Seanad Éireann on 13th June, 2011.”

—*Senator Maurice Cummins.*

18. *Tairiscintí nach ón Rialtas:*  
*Non-Government Motions:*

1. “That Seanad Éireann is keenly aware of the suffering of the families of those who died or were injured in the Dublin and Monaghan bombings and in all the atrocities that were inquired into by Judge Henry Barron; that this suffering is exacerbated by the absence of closure in these terrible tragedies; and that we support their call for co-operation by the British Government to actively participate in a process to help provide answers to the questions that remain unanswered; and that the Irish Government will continue in its efforts to urge the British Government to give urgent consideration to this matter.”

—*Senators Mary White, Darragh O’Brien, Thomas Byrne, Mark Daly, Terry Leyden, Marc MacSharry, Paschal Mooney, Brian Ó Domhnaill, Denis O’Donovan, Labhrás Ó Murchú, Ned O’Sullivan, Averil Power, Jim Walsh, Diarmuid Wilson.*

**[16 June, 2011]**

2. “That Seanad Éireann will appoint an Honorary Senator to represent the Global Irish Community Overseas.”

—*Senators Mark Daly, Diarmuid Wilson, Mary White, Darragh O’Brien, Thomas Byrne, Terry Leyden, Marc MacSharry, Paschal Mooney, Brian Ó Domhnaill, Denis O’Donovan, Labhrás Ó Murchú, Ned O’Sullivan, Averil Power, Jim Walsh.*

**[28 June, 2011]**

3. “That Seanad Éireann calls on the Minister for Health and the Government to honour its pre-election commitments and ensure the continuation of the existing twenty-four hour a day, seven day a week, Accident and Emergency services at Roscommon County Hospital.”

—*Senators Terry Leyden, Diarmuid Wilson, Darragh O’Brien, Thomas Byrne, Mark Daly, Marc MacSharry, Paschal Mooney, Brian Ó Domhnaill, Denis O’Donovan, Labhrás Ó Murchú, Ned O’Sullivan, Averil Power, Jim Walsh, Mary White.*

**[6 July, 2011]**

19. An Seanad a chur ar athló.  
Adjournment of the Seanad.

---

BILLÍ SEANAID SA DÁIL  
*Seanad Bills with the Dáil*

An Bille um Chúram Leanaí (Leasú), 2009.  
Child Care (Amendment) Bill 2009.

---

An Bille um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2009.  
Property Services (Regulation) Bill 2009.

---

An Bille um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2010.  
Communications Regulation (Postal Services) Bill 2010.

---

An Bille um Chonarthaí Foirgníochta, 2010.  
Construction Contracts Bill 2010.

---

An Bille Meabhair-Shláinte (Leasú), 2008  
(*athraithe ó*) An Bille Meabhair-Shláinte (Bearta Ainneonacha) (Leasú), 2008.  
Mental Health (Amendment) Bill 2008  
(*changed from*) Mental Health (Involuntary Procedures) (Amendment) Bill 2008.

---

An Bille um Cheartas Coiriúil (Ciorrú Ball Giniúna Baineann), 2011.  
Criminal Justice (Female Genital Mutilation) Bill 2011.

---

MEMORANDA

*Déardaoin, 7 Iúil, 2011.*  
*Thursday, 7th July, 2011.*

Cruinniú den Chomhchoiste um Ghnóthaí an Aontais Eorpaigh i Seomra Coiste 4,  
TL2000, ar 12 meán lae.

Meeting of the Joint Committee on European Union Affairs will be held in Committee  
Room 4, LH2000, at 12 noon.

---

PÁIPÉIR A LEAGADH FAOI BHRÁID AN tSEANAID  
*Papers laid before the Seanad*

*Reachtúil:*

*Statutory:*

1) An Coiste Gairmoideachais: Contae Luimnigh — Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2006.

1) Vocational Education Committee: County Limerick — Annual Financial Statement for the year ended 31 December, 2006.

2) An Coiste Gairmoideachais: Contae Luimnigh — Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2007.

2) Vocational Education Committee: County Limerick — Annual Financial Statement for the year ended 31 December, 2007.

- 3) An Coiste Gairmoideachais: Contae Luimnigh — Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2008.
- 3) Vocational Education Committee: County Limerick — Annual Financial Statement for the year ended 31 December, 2008.
- 4) An Coiste Gairmoideachais: Contae Lú — Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2005.
- 4) Vocational Education Committee: County Louth — Annual Financial Statement for the year ended 31 December, 2005.
- 5) An Coiste Gairmoideachais: Contae Mhaigh Eo — Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2008.
- 5) Vocational Education Committee: County Mayo — Annual Financial Statement for the year ended 31 December, 2008.
- 6) An Coiste Gairmoideachais: Contae na Mí — Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2004.
- 6) Vocational Education Committee: County Meath — Annual Financial Statement for the year ended 31 December, 2004.
- 7) An Coiste Gairmoideachais: Contae Ros Comáin — Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2006.
- 7) Vocational Education Committee: County Roscommon — Annual Financial Statement for the year ended 31 December, 2006.
- 8) An Coiste Gairmoideachais: Contae Shligigh — Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2006.
- 8) Vocational Education Committee: County Sligo — Annual Financial Statement for the year ended 31 December, 2006.
- 9) An Coiste Gairmoideachais: Contae Shligigh — Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2007.
- 9) Vocational Education Committee: County Sligo — Annual Financial Statement for the year ended 31 December, 2007.
- 10) An Coiste Gairmoideachais: Contae Thiobraid Árann (An Trian Theas) — Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2008.
- 10) Vocational Education Committee: County Tipperary (SR) — Annual Financial Statement for the year ended 31 December, 2008.
- 11) An Coiste Gairmoideachais: Contae na hIarmhí — Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2004.
- 11) Vocational Education Committee: County Westmeath — Annual Financial Statement for the year ended 31 December, 2004.
- 12) An Coiste Gairmoideachais: Contae Loch Garman — Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2007.
- 12) Vocational Education Committee: County Wexford — Annual Financial Statement for the year ended 31 December, 2007.
- 13) An Coiste Gairmoideachais: Contae Loch Garman — Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2008.
- 13) Vocational Education Committee: County Wexford — Annual Financial Statement for the year ended 31 December, 2008.



- |  |  |
|--|--|
| 14) An Coiste Gairmoideachais: Contae Chill Mhantáin — Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2005.   | 14) Vocational Education Committee: County Wicklow — Annual Financial Statement for the year ended 31 December, 2005.                                      |
| 15) An Coiste Gairmoideachais: Contae Chill Mhantáin — Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2008.   | 15) Vocational Education Committee: County Wicklow — Annual Financial Statement for the year ended 31 December, 2008.                                      |
| 16) Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Srianta ar Sheirbhísí Iompair agus ar Oibríochtaí Aeir) (An Libia), 2011 (I.R. 350 de 2011).                                     | 16) European Union (Restrictions on Transport Services and Air Operations) (Libya) Regulations 2011 (S.I. No. 350 of 2011).                                |
| 17) An Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóiriú the Dlí. Tuarascáil Bhliantúil, 2010.   | 17) Department of Justice and Law Reform. Annual Report, 2010.   |
| <i>Neamhreachtúil:</i>   |  |
| 1) An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil). Tuarascáil Bhliantúil, 2010.   | <i>Non-Statutory:</i><br>1) Mental Health (Criminal Law) Review Board. Annual Report, 2010.  |
| 2) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Creat), 2011 (I.R. Uimh. 333 de 2011).   | 2) European Communities (Electronic Communications Networks and Services) (Framework) Regulations 2011 (S.I. No. 333 of 2011).                             |
| 3) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Rochtain), 2011 (I.R. Uimh. 334 de 2011).                                      | 3) European Communities (Electronic Communications Networks and Services) (Access) Regulations 2011 (S.I. No. 334 of 2011).                                |
| 4) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Údarú), 2011 (I.R. Uimh. 335 de 2011).   | 4) European Communities (Electronic Communications Networks and Services) (Authorisation) Regulations 2011 (S.I. No. 335 of 2011).                         |
| 5) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach), 2011 (I.R. Uimh. 336 de 2011).    | 5) European Communities (Electronic Communications Networks and Services) (Privacy and Electronic Communications) Regulations 2011 (S.I. No. 336 of 2011). |
| 6) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Seirbhís Uilechoiteann agus Cearta Úsáideoirí), 2011 (I.R. Uimh. 337 de 2011). | 6) European Communities (Electronic Communications Networks and Services) (Universal Service and Users' Rights) Regulations 2011 (S.I. No. 337 of 2011).   |
| 7) Seanad Éireann. An Chéad Tuarascáil ón gCoiste um Nós Imeachta agus Pribhléidí i ndáil leis an gCoiste um Leasanna Chomhaltáí Sheanad Éireann.                    | 7) Seanad Éireann. First Report of the Committee on Procedure and Privileges on the Committee on Members' Interests of Seanad Éireann.                     |